


Ag Iniúchadh Ár Mara



Foras na Mara
Marine Institute

Tuinnín Gorm Atlantach

- Go luath sna 2000idí, tháinig laghdú ar líon na dtuinníní gorma Atlantacha, mar gheall ar an ró-iascaireacht a rinneadh le blianta fada. Chuir an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) clár téarnaimh chun feidhme. Mar gheall ar an gclár seo, d'fheabhsaigh na speicis ó "Faoi Bhagairt Nach Mór" go dtí stádas "Is Lú Imní" ar Liosta Dearg IUCN in 2021.
- Chuaigh Foras na Mara i gcomhar le ICCAT agus le comhpháirtithe eile maidir le clibeáil agus rianú chun tuiscint níos fearr a fháil ar dháileadh, ar ghluaiseacht, ar shéasúracht na speiceas, agus ar aon chlaonadh atá ann fanacht i limistéir shonracha.
- Chuidigh iarrachtaí clibeála i 2006 le heolas ar limistéir sceite na dtuinníní gorma a threisiú. Tá iascach an Tuinnín Gorm Atlantach roinnte ina dhá stoc: iarthar (sceitheadh i Murascaill Mheicsiceo) agus oirthear (sceitheadh sa Mheánmhuir).
- Chuir úsáid clibeanna satailíte, fuaimiúla agus luasmhéadair go mór lenár dtuiscint ar iompar tuinníní. Ó 2016 i leith, tá Foras na Mara tar éis tuinníní gorma a chlibeáil gach bliain agus taispeánann na rianta, éisc aonair ag bogadh ó dheas ó Éirinn go seasta, go Bá na Bioscáine nó isteach i lár an Atlantaigh, téann cuid acu ar imirce isteach sa Mheánmhuir freisin le haghaidh sceitheadh toimhdeanoimhdean sula bhfillleann siad ar chóstaí na hÉireann.
- Léiríonn anailís ó obair chlibeála go mbíonn tionchar mór ag teocht dhromchla na farraige agus ag tiománaithe comhshaoil eile ar dháileadh tuinníní. Is féidir Tuinnín Gorm Atlantach a fheiceáil feadh chósta na hÉireann idir mí Iúil agus mí na Samhna. Faoi láthair, is é an rian is faide a taifeadadh trí chlibeáil satailíte ná 24,000km.



Photo: Josh Wilson



The Marine Institute undertakes, coordinates and promotes marine research and development in Ireland, which is essential to achieving a sustainable ocean economy, protecting ecosystems and inspiring a shared understanding of the ocean.

www.marine.ie